# Plean Oibre don Aos Óg

# 2023–2025

## Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

lmetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education and Training Board

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

# Clár ábhair


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 2 |
| Obair don Aos Óg agus ról BOO Lú agus na Mí | 3 |
| BOOLM agus an Coiste um Obair don Aos Óg | 5 |
| Soláthar Reatha d'Obair don Aos Óg | 8 |
| Cúlra, comhthéacs reachtaíochta agus beartais | 9 |
| Sruthanna Cistithe | 11 |
| Comhar agus Obair Idirghníomhaireachta | 15 |
| Forbairt an Phlean Seirbhíse don Aos Óg | 17 |
| Comhairliúchán | 18 |
| Déimeagrafaic | 24 |
| Plean do Sheirbhís don Aos Óg BOO Lú agus na Mí 2023 – 2025 | 26 |
| Spriocanna Straitéiseacha | 27 |
| Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht | 31 |
| Aguisín | 32 |





Tionscadal Óige Involve UBU na Mí agus gradam náisiúnta Barr Feabhais BOO i Seirbhísí don Aos Óg don "Báire gan Náire" á fháil acu, a cheap agus a dhear aos óg ag an tionscadal.

# Réamhrá

Tá áthas orm Plean nua Oibre don Aos Óg BOOLM do 2023-2025 a chur i láthair.

Mar a luadh sa Phlean, tá athrú suntasach tagtha ar an gcaoi a gcuirtear Obair don Aos Óg ar fáil go náisiúnta ó cuireadh an plean deireanach i láthair in 2020.

Forbraíodh an Plean seo mar thoradh ar mhórthionscadal Próifíle Ceantair, ina raibh taighde agus comhairliúchán leathan le go leor de na heagraíochtaí páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochta sa cheantar, aos óg Lú agus na Mí an dream is tábhachtaí díobh. Táimid buíoch as comhoibriú agus cúnamh na bpáirtithe leasmhara seo chun cabhrú linn a nguthanna a chur san áireamh mar ghné lárnach dár spriocanna straitéiseacha a phleanáil.

Leagtar amach sa doiciméad seo bunús reachtaíochta agus comhthéacs beartais an phlean agus déantar mionchur síos ann ar phróifíl shocheacnamaíoch réigiún Lú/na Mí atá mar bhunchloch dó. Tugtar breac-chuntas freisin ar an modheolaíocht a leagann amach múnlú an phlean. Leagtar amach sa phlean an leibhéal reatha seirbhísí oibre don aos óg laistigh de réigiún Lú agus na Mí ó thaobh soláthar agus cistiú seirbhísí de.

Bainfidh BOOLM úsáid as an bpróiseas Próifíle Ceantair agus as na gníomhartha atá leagtha amach sa phlean seo chun a chinntiú go leanfar leis an gcistiú do Sheirbhísí don Aos Óg ionas gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag freastal ar riachtanais an aosa óig i Lú agus sa Mhí ar bhealach cabhrach.

Martin G. O'Brien
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Tá an-áthas orm Plean Oibre don Aos Óg BOOLM 2023 – 2025 a thabhairt isteach. Bhí ról lárnach ag ár n-aos óg i Lú agus sa Mhí i múnlú an phlean seo. Bhí a gcuid léargas ríthábhachtach, rud a chinntigh go léiríonn an plean seo a dtaithí agus a riachtanais san fhíorshaol.

Bhí an coincheap "Duine fásta maith amháin" lárnach inár gcur chuige agus tá ról ríthábhachtach fós á dhéanamh ag ár nOibrithe don Aos Óg agus ár nOibrithe Deonacha inár bpobail. Tá a ndúthracht d'fhorbairt ár n-aosa óig diongbháilte agus claochlaitheach.

Gabhaim buíochas le mo chomhghleacaithe ar an gCoiste um Obair don Aos Óg agus leis an bhfoireann ar fad in BOOLM, go háirithe lenár nOifigigh don Aos Óg, as a dtreoir agus a saineolas maidir leis an bplean seo a chur le chéile. Bhí ról lárnach ag a gceannaireacht maidir le bealach soiléir inghníomhaithe chun tosaigh a leagan amach.

Agus an todhchaí á meas, tá mé dóchasach faoi ghníomhartha an phlean seo a chur i bhfeidhm ar mhaithe le haos óg Lú agus na Mí. Is le comhthuiscint ar an gcuspóir a thugaimid faoin tasc seo, agus fonn mór orainn tacú lenár n-aos óg agus na hathruithe dearfacha a fheiceáil a thiocfaidh chun cinn gan amhras ónár n-iarrachtaí agus ár ngníomhartha comhcheangailte.

An Comhairleoir Marianne Butler
Cathaoirleach
An Coiste um Obair don Aos Óg


## Buíochas:

Tá Seirbhísí don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí cistithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Cuireann sé seo ar chumas BOOLM Deontais do Chlubanna Áitiúla don Aos

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

# Obair don Aos Óg agus ról Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

## BOOLM | Ár Misean

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) tiomanta do shármhaitheas agus nuálaíocht in oideachas agus in oiliúint foghlaimeoirí trí sheirbhísí dinimiciúla a thugann baill foirne ghairmiúla a sholáthar.

Freastalaíonn BOOLM ar phobail chontaetha Lú agus na Mí, agus oibríonn sé lena chomhpháirtithe oideachais chun cur le forbairt agus fás réigiún Lú/na Mí. Tá sé mar aidhm ag BOOLM a bheith ar an bpríomhsholáthraí oideachais agus seirbhísí ardchaighdeáin do mhuintir chontaetha Lú agus na Mí trí réimse éagsúil clár inrochtana, forásach agus freagrúil a

## BOOLM | Ráiteas Straitéise 2022-2026

Ceanglaíonn an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna, Ráiteas Straitéise cúig bliana a ullmhú ina leagtar amach cuspóirí BOOLM, tosaíochtaí na gcuspóirí sin agus na straitéisí atá beartaithe chun na cuspóirí a bhaint amach. Sa dara Ráiteas Straitéise de chuid BOOLM, feicfidh tú go bhfuil spriocanna agus gníomhartha straitéiseacha an-uaillmhianach aitheanta againn dár n-eagraíocht agus táimid muiníneach go gcuirfidh

## Croíluachanna BOOLM

- Sármhaitheas
- Nuálaíocht
- Foghlaimeoir-Dhírithe
- Tacú leis an Aistriú
- Comhionannas
- Ionchuimsiú
- Iomlánaíoch
- Gairmiúlacht
- Freagrúlacht
- Folláine
- Cothroime
- Ionracas
- Comhpháirtíocht agus Comhoibriú

lmetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education and Training Board



# Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) an soláthraí oideachais agus oiliúna is mó i Lú agus sa Mhí, a chuireann réimse leathan seirbhísí oideachais agus oiliúna

Áirítear le soláthar BOOLM

4 Phobalscoil Náisiúnta

18 n-iar-bhunscoil lena n-áirítear ceann amháin le soláthar Iar-Ardteistiméireachta

3 Choláiste Iar-Ardteistiméireachta

8 nIonad Ógtheagmhála

7 gcampas/ionad Breisoideachais agus Oiliúna ilúsáide a chuireann cláir oideachais agus oiliúna ar fáil

Ionad Réigiúnach Scileanna agus Oiliúna

Ionad Scolaíochta na hEorpa

Coláiste Dhroichead Átha

Ionad Barr Feabhais Oiliúna Ard-Déantúsaíochta

Seirbhísí Oideachais agus Oiliúna don Aos Óg agus Pobail i raon suíomh pobalbhunaithe

Cláir Ghlúin an Cheoil

Chomh maith leis sin, tá BOOLM ina chomhphátrún ar 6 Phobalscoil i: mBaile Átha Fhirdhia, Ceanannas, Baile Átha Troim, Baile Átha Buí, Cill Dhéagláin, agus Coláiste Bhaile Mhic Éinigh, i nDroichead Átha.

Bainistíonn BOOLM buiséad os cionn €170 milliún, a fhreastalaíonn ar dhaonra de 323,317 agus foireann de thart ar 2,400 pearsanra lánaimseartha agus páirtaimseartha i seirbhísí BOOLM trí chéile.

Cuireann Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (BO) BOOLM réimse éagsúil deiseanna oideachais agus oiliúna lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil do gach duine os cionn sé bliana déag d'aois in ionaid, coláistí agus láithreacha for-rochtana éagsúla ar fud Chontae Lú agus na Mí.

Clúdaíonn BOOLM achar 3169 km2.

# Coiste Oibre don Aos Óg BOOLM agus oifig na hOibre don Aos Óg

Déanann an Coiste um Obair don Aos Óg maoirseacht ar obair na hOifige um Obair don Aos Óg laistigh de BOOLM.

De réir an Achta BOO, 2013, tacaíonn Coiste um Obair don Aos Óg "le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus soláthraíonn sé cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an tacaíocht sin."

Áirítear ar bhallraíocht an Choiste ionadaithe ó Earnáil Dheonach na hOibre don Aos Óg agus ó Chomhlachtaí Reachtúla (e.g. FSS, An Garda Síochána, Údaráis Áitiúla, Coistí Seirbhísí Leanaí).
Tá beirt ógánach ó Chomhairle na nÓg nó a mhacasamhail de struchtúr don aos óg ar an gcoiste freisin.

Is é sainchúram an Choiste um Obair don Aos Óg:

1. A bheith ar an eolas faoin bhfeidhm oibre don aos óg a dhéanann BOOLM.
2. Bord BOOLM a chur ar an eolas faoin bhfaisnéis a bhaineann le hobair don aos óg, a fhaigheann sé, ó Fheidhmeannacht

Féach an t-aguisín le haghaidh chomhaltas reatha Choiste Oibre don Aos Óg BOOLM agus Téarmaí Tagartha.


# Cad is Obair don Aos Óg ann?


Is clár pleanáilte oideachais neamhfhoirmeálta é obair don aos óg atá deartha chun forbairt phearsanta agus shóisialta an aosa óig a fheabhsú trína rannpháirtíocht dheonach.

Tá soláthraithe oibre don aos óg pobalbhunaithe go príomha agus oibríonn siad leis an aos óg idir 10 agus 24 bliain d'aois.

Cuidíonn obair don aos óg le daoine óga foghlaim fúthu féin, faoi dhaoine eile agus faoin tsochaí, trí ghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla oideachais a chuireann sult, dúshlán agus foghlaim le chéile.

In ainneoin chúlraí éagsúla na soláthraithe seirbhíse don aos óg sa réigiún, ba cheart do gach duine a ndícheall a dhéanamh seirbhís don aos óg ar ardchaighdeán, dea-bhainistithe agus a bhfuil acmhainní cuí aici a sholáthar.





Dhéanfadh a leithéid de sheirbhís an

- Tacaíocht ardchaighdeáin a chur ar fáil don aos óg chun cabhrú leo a lánacmhainneacht a bhaint amach agus dul chun cinn a dhéanamh.
- Cur ar chumas an aosa óig a chinntiú go dtugtar cluas le héisteacht dó agus cur ar a chumas tionchar a imirt ar chinnteoireacht ag leibhéil éagsúla.
- Réimse éagsúil deiseanna forbartha pearsanta agus sóisialta a chur ar fáil.
- Cabhrú le míshástacht agus eisiamh sochaíoch a sheachaint.
- A bheith pleanáilte go maith le haird ar thorthaí a bhaint amach a fhreastalaíonn ar riachtanais agus tosaíochtaí an aosa óig

Geallann Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) ardchaighdeán oibre don aos óg a chur chun cinn agus tacú leis trí sheirbhísí oibre don aos óga sholáthar, a chomhordú, a riar agus iad a mheasúnú i limistéar Lú agus na Mí.




## Fócas ar leith do BOOLM is ea:

“Riachtanais an aosa óig a bhfuil taithí acu ar na torthaí is neamhfhabhraí, nó atá i mbaol an taithí sin a bheith acu”.

Straitéis Náisiúnta don Aos Óg 2015 – 2020

# BOOLM Soláthar Reatha d'Obair don Aos

- 83 Club Deonach an bhfuil tacaíocht an Phobail acu
- 9 Seirbhís Ghairmiúla don Aos Óg Cistithe ón UBU
- Deontais Chaipitil do chlubanna Óige agus do thionscadail UBU
- Cistí Comhtháthaithe
- Cistí Tionscadal Faoi leith

Cistiú Iomlán
A Íocadh le linn an
Phlean 3 Bliana seo caite

€3.401
MILLIÚN

Méadú Bliantúil 23% le linn an phlean dheireanaigh

# Cúlra, Comhthéacs Reachtaíochta agus

Tá an Plean Oibre don Aos Óg suntasach sa mhéid is gur forbraíodh é tar éis próiseas as ar tháinig athrú suntasach le déanaí ar sholáthar seirbhísí don aos óg go náisiúnta agus go háitiúil, nuair a bunaíodh scéim chistithe UBU D'Áit agus Do Spás in 2020. Foráiltear leis na hathruithe seo do chur chuige comhsheasmhach náisiúnta maidir le haitheantas agus luach na hoibre don aos óg.

Dá bhrí sin, tá BOOnna freagrach as forbairt, riar agus rialú seirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme.
Is éard atá i gceist leis seo ná meascán de sheirbhísí don aos óg faoi stiúir foirne agus clubanna óige faoi stiúir oibrithe deonacha. Cuireann Rialtas na hÉireann cistiú ar fáil do gach BOO ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ).

Rinneadh Comhaontú Leibhéal Seirbhíse a chaibidliú idir BOOLM agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun trédhearcacht agus freagrúlacht a chur chun cinn i seachadadh seirbhísí oibre don aos óg i limistéar feidhme BOOLM.

Cabhróidh BOOLM le grúpaí óige agus soláthraithe seirbhíse ráitis shoiléire a fhorbairt maidir lena gcur chuige agus a modhanna oibre don aos óg. Déantar monatóireacht agus meastóireacht ar cháilíocht na hoibre don aos óg trí phróiseas an Chreata Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta, don fhoireann agus do ghrúpaí óige faoi stiúir oibrithe deonacha araon.

- An tAcht um Obair don Aos Óg 2001
- An tAcht BOO, 2013
- Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile 2014-2020
- An Straitéis Náisiúnta don Aos Óg 2015-2020
- Caighdeáin Cháilíochta in Obair don Aos Óg
- An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020 (faoi athbhreithniú)
- Straitéis don Aos Óg an AE 2019 –

# Straitéis Náisiúnta don Aos

## Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile (TFTG)

### Fís Náisiúnta:

"……. mar a léirítear meas ar chearta gach linbh agus duine óig, mar a ndéantar iad a chosaint agus a shásamh; mar a dtugtar cluas le héisteacht dóibh agus mar a dtacaítear leo chun a lánacmhainneacht a bhaint amach

### An Straitéis Náisiúnta don Aos Óg 2015-2020 -

Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta don Aos Óg aidhmeanna agus cuspóirí Rialtas na

Toradh 1: Folláine fhisiciúil agus mheabhrach atá gníomhach agus sláintiúil acu,


Toradh 2: A lánacmhainneacht a bhaint amach i ngach réimse foghlama agus forbartha

Toradh 3: Iad Sábháilte agus cosanta ó dhíobháil

### An Comhthéacs Eorpach

Forbraítear beartas na hÉireann laistigh de chomhthéacs níos leithne atá bunaithe ar straitéisí agus creataí an Aontais Eorpaigh. Is í Straitéis don Aos Óg an AE 2019 – 2027 an ceann is tábhachtaí díobh sin, straitéis a tugadh isteach agus é mar chuspóir aici aos óg a spreagadh, a thabhairt le chéile agus a chumhachtú. Cuireann sé comhar trasearnála chun cinn agus leagtar amach ann príomhphrionsabail lena chinntiú gur féidir

Déantar trí chuspóir na Straitéise a mhíniú tuilleadh:



# Sruthanna Cistithe

Tá dhá phríomhshruth cistithe ann chun obair don aos óg a sholáthar;

1. Seirbhísí Gairmiúla don Aos Óg - UBU - D'Áit Do Spás
2. Clubanna faoi stiúir Oibrithe Deonacha – Scéim Deontais do Chlubanna Áitiúla don Aos Óg

Déanann BOOLM riar ar scéimeanna cistithe eile do ghrúpaí deonacha

3. Deontas Trealaimh do Chlubanna Óige
4. Deontas Caipitil UBU
5. Deontas Imeasctha na hÚcráine
6. Scéim Mhiondeontais
7. Scéimeanna cistithe ad hoc eile



# Seirbhísí Gairmiúla don Aos Óg - UBU - D'Áit Do Spás

## Cistítear Seirbhísí Gairmiúla Óige faoi Scéim UBU chun Obair don Aos Óg a sheachadadh ar fud limistéar Lú agus na Mí.

Is scéim cistithe RLCMLÓ é UBU D'Áit Do Spás a chuireann seirbhísí áitiúla ar fáil don aos óg. Forbraíodh UBU D'Áit Do Spás de réir moltaí ón Athbhreithniú Luach ar Airgead agus Beartais ar Chláir don Aos Óg (2014) ón RLCMLÓ.

Tagann D'Áit do Spás UBU leis an gCreat Beartais Náisiúnta Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile, an Straitéis Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus an Aosa Óig i gCinnteoireacht, agus leis na Straitéisí LADTI+ agus Náisiúnta don Aos Óg.

Tá an próiseas Próifíle Ceantair, Measúnaithe Riachtanas agus Riachtanais Seirbhíse (PCMRRS) mar bhonn agus mar thaca ag UBU.
Tacaíonn Uirlis PCMRRS le gach Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) chun sonraí déimeagrafacha agus eolas áitiúil atá ar fáil a bhailiú agus a úsáid chun próifíl limistéir dá limistéar feidhme a tháirgeadh.

Mar thoradh air seo, forbraítear Riachtanais Seirbhíse do thionscadail nua nó reatha atá cistithe ag an Roinn faoi UBU.

### 9 gClár Ghairmiúla (UBU)

- Boomerang, Droichead Átha
- Tionscadal don Aos Óg Phobal an Taoibh ó Dheas, Droichead Átha (YWI Lú)
- Ionad don Aos Óg Dhún Dealgan
- Peil FAI sa Phobal, Dún Dealgan
- Tionscadal don Aos Óg Dhiméin an Choscaigh, Dún Dealgan (YWI Lú)
- Tionscadal don Aos Óg na Craoibhe Rua, Dún Dealgan (YWI Lú)
- Tionscadal don Aos Óg na Mí, Bhaile Átha Troim agus na hUaimhe (Involve na Mí)
- Aos Óg na Mí le Chéile, An Uaimh (YWI na Mí)

## Spriocanna Straitéiseacha UBUnna

Sprioc 1: Soláthar agus Cleachtas Ardchaighdeáin d'Obair don Aos Óg.
Oibriú le soláthraithe oibre don aos óg agus tacú leo chun seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar a fhreagraíonn don aos óg, a chabhraíonn leo

Sprioc 2: Rialachas Láidir.
Tacú le dea-rialachas in eagraíochtaí oibre don aos óg agus monatóireacht dhéanamh air, chun cabhrú

Sprioc 3: Tábhacht na hOibre don Aos Óg a chur chun cinn. Luach agus tábhacht na hoibre don aos óg a thaifeadadh agus a chur chun cinn agus feasacht níos fearr a chruthú ar a tionchar agus ar a

Sprioc 4: Líonrú, Cur in Aithne agus Comhoibriú.
Caidrimh dhearfacha a chothú lenár gcomhpháirtithe agus lenár bpáirtithe leasmhara agus deiseanna comhoibrithe a aimsiú chun obair

# Clubanna faoi stiúir Oibrithe Deonacha – Scéim Deontais do Chlubanna Áitiúla don

Cuireann clubanna faoi stiúir oibrithe deonacha leibhéal an-ard rannpháirtíochta ar bhonn díreach ar fáil don aos óg i gclubanna agus de thoradh tionscadal don aos óg. Tá ról an oibrí dheonaigh lárnach i soláthar obair don aos óg in Éirinn agus is cuid ríthábhachtach iad na clubanna beaga seo de sholáthar obair don Aos Óg ar fud limistéar Lú agus na Mí. Tá BOO Lú agus na Mí tiomanta do chúnamh a thabhairt do na

## Caighdeáin Cháilíochta

In 2017, d'ionchorpraigh RLCMLÓ na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí don Aos Óg faoi stiúir Oibrithe Deonacha (CCNGAÓOD) sa Scéim Deontais do Chlubanna Áitiúla don Aos Óg (SDCÁAÓ).

Is iad seo a leanas na trí Chaighdeán Cáilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí don Aos Óg faoi stiúir

- Caighdeán 1: Sábháilteacht agus folláine – Déanann cláir, cleachtais agus daoine sábháilteacht, tacaíocht agus folláine an aosa óig a chinntiú agus a chur chun cinn.
- Caighdeán 2: Dírithe ar an aos óg – Cinntíonn cláir, cleachtais agus daoine go mbíonn an rannpháirtíocht deonach, go gcuimsítear agus go gcluintear an t-aos óg agus go gcuirtear sin chun cinn.
- Caighdeán 3: Forbairt agus oideachas – Cinntíonn agus cuireann cláir, cleachtais

I rith na bliana club/grúpa, déanann oibrithe deonacha gníomhartha a bhaineann leis na Caighdeáin a chur chun cinn a chuirfidh feabhas ar reáchtáil an chlub/ghrúpa agus ar thaithí an aosa óig atá ag freastal








AMTCE
lmetb


# Comhar agus Obair Idirghníomhaireachta

## Líonrú

Tá dlúthchaidreamh oibre ag BOOLM agus a Sheirbhísí don Aos Óg le roinnt príomhghníomhaireachtaí i limistéar Lú agus na Mí araon, lena n-áirítear Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga, Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí, líonraí seirbhísí CISGP (An Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail), Coistí Forbartha Pobail Áitiúla agus Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha (féach thíos).

Tá buntáistí soiléire ag baint le dlúthchaidreamh a bhunú leis na comhlachtaí seo maidir le beartais a chur chun cinn, staitisticí déimeagrafacha a roinnt, agus idirghníomhaíocht a chothú idir aonad Seirbhísí don Aos Óg BOOLM agus seirbhísí eile a fhreastalaíonn ar dhaoine óga.

Creidimid go bhfeabhsaíonn forbairt comhpháirtíochtaí éifeachtacha agus dul i gcomhairle leis an aos óg agus leis na gníomhaireachtaí a oibríonn leo ár gcur chuige agus, ar deireadh, go mbíonn torthaí níos fearr ann don aos óg.



# Tuarascáil, Plean agus Bord Dhroichead Átha

In 2020, choimisiúnaigh an tAire Dlí agus Cirt Tuarascáil Scóipe ar Shábháilteacht agus Folláine Pobail i nDroichead Átha ('an Tuarascáil'), a chuir Vivien Geiran, iar-Stiúrthóir ar an tSeirbhís Phromhaidh, i dtoll a chéile mar fhreagra ar imní faoi leibhéil choireachta, rud atá ag dul in olcas agus eagla roimh choireacht sa bhaile.

Tugadh aghaidh chuimsitheach sa Tuarascáil ar na dúshláin agus na riachtanais leanúnacha a bhíonn ag pobail i nDroichead Átha. Foilsíodh Plean Forfheidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha ina dhiaidh sin ('an Plean') ina bhfuil 70 gníomh a tháinig ó mholtaí na tuarascála, i mí Iúil 2021. Tagann na moltaí seo faoi dhá cheannteideal ghinearálta, an gá atá le comhar idirghníomhaireachta feabhsaithe i riar agus i seachadadh seirbhísí i nDroichead Átha agus an gá atá le hacmhainní a chur ar fáil do sheirbhísí sa cheantar. Ghlac an chomh-aireacht leis an bPlean agus gealladh go dtabharfaí tús áite d'iarrataí ar thacaíocht a bheadh ailínithe leis.

Bhunaigh Rialtas na hÉireann Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha i mí Dheireadh Fómhair 2021 mar an struchtúr comhordaithe chun na gníomhartha seo a sheachadadh. Is éard atá i gcomhaltas an Bhoird ('an Bord') cinnteoirí sinsearacha ó ghníomhaireachtaí reachtúla ábhartha agus ionadaithe pobail. Is féidir liosta iomlán de na baill a fheiceáil anseo. Tá roinnt foghrúpaí ar an mBord freisin, lena n-áirítear grúpa Tacaíochta Teaghlaigh, Leanaí, Daoine Óga agus Oideachais. Tá an Bord á óstáil ag BOOLM agus tugann an Roinn Dlí agus Cirt cúnamh dó.

## Obair don Aos Óg


Tá buntáistí suntasacha bainte ag earnálacha óige agus pobail Dhroichead Átha as cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa Phlean ó mhí Iúil 2021, lena n-áirítear comhar idirghníomhaireachta feabhsaithe agus acmhainní breise le haghaidh seirbhísí. Mar shampla, mar fhreagra ar ghníomhartha 5.3 agus 5.5 sa Phlean a bhaineann le comhordú feabhsaithe ar sheirbhísí don aos óg agus bearnaí i soláthar seirbhísí don aos óg a aimsiú, fuarthas post nua Oifigeach Óige BOOLM do cheantar Dhroichead Átha chun oibriú in éineacht le hoifigigh don aos óg BOOLM i limistéar Lú agus na Mí.



# Forbairt an Phlean Oibre don Aos Óg 2023 – 2025

Le forbairt an phlean seo, ceanglaíodh ar Oifigigh don Aos Óg BOOLM próiseas fada fairsing athbhreithnithe agus comhairliúcháin a chur i gcrích.

Próiseas




## Reachtaíocht

Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas comhairliúcháin i bhforbairt an phlean ná athbhreithniú ar an gcomhthéacs reachtach agus an fheidhm atá aige le riachtanais an aosa óig i réigiún BOOLM.

## Beartas

Athbhreithniú ar an mbeartas náisiúnta agus go háirithe ar na torthaí agus na cuspóirí maidir le riachtanais an aosa óig i limistéar Lú agus na Mí agus comhthéacs fheidhm na Seirbhísí don Aos Óg laistigh de mhisean agus de chroíphrionsabail BOOLM mar chuid de sin.

## Déimeagrafaic

Athbhreithniú ar riachtanais an aosa óig mar atá leagtha amach i bpróifíl ceantair BOOLM. Tá an phróifíl shochdhéimeagrafach agus an ráiteas riachtanas bunaithe ar an bpróiseas próifíle ceantair agus ar a thorthaí.

## Comhairliúcháin

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin bhí cruinnithe agus grúpaí fócais leis an aos óg a raibh baint dhíreach acu le clubanna agus tionscadail

# Comhairliúchán



Bhí céim an chomhairliúcháin ríthábhachtach sa mhéid is gur chinntigh sé go raibh ionchur ár bpáirtithe leasmhara – go háirithe

## Modheolaíocht

Chuathas i gcomhairle go pearsanta le réimse leathan den Aos Óg, gairmithe Oibre don Aos Óg agus Oibrithe Deonacha chun plé a dhéanamh ar an gcaoi ar éirigh go geal leo le déanaí ina réimsí, ar na dúshláin a eascraíonn as a soláthar, ar fhorbairtí amach anseo agus ar aon bhearnaí a thug siad faoi deara atá ina gceantar faoi láthair.




# Achoimre ar Chomhairliúchán an Aosa Óig

Eagraíodh comhairliúcháin phearsanta leis an aos óg ó gach cearn de Lú agus den Mhí trína gcraobhacha Chomhairle na nÓg ar leith. Reáchtáladh dhá chomhairliúchán dhírithe freisin ar an aos óg i nDroichead Átha i gcomhar le Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha, le béim ar leith ar imeachtaí agus idirghabhálacha cheantar Dhroichead Átha le déanaí.
Agus as samhail Chaifé Domhanda in úsáid, chuathas i gcomhairle leis na grúpaí maidir le sábháilteacht, úsáid drugaí agus alcóil, oideachas, fostaíocht, gníomhaíochtaí don aos óg agus meabhairshláinte.

Ardaíodh na ráitis seo a leanas:

1. I ngach grúpa a ndeachthas i gcomhairle leo, fuarthas amach go raibh tionchar dearfach ag Obair don Aos Óg ar an mbraistint sábháilteachta atá ag aos óg ina gceantair.
2. Dúradh go raibh tionchar diúltach ag mí-úsáid drugaí agus alcóil ar shábháilteacht an aosa óig, ar a n-oideachas agus ar a meabhairshláinte.
3. Cé gur measadh go raibh meabhairshláinte dhiúltach ina riosca mór d'fholláine daoine óga, measadh gur fachtóirí cabhracha iad obair don aos óg agus gníomhaíochtaí lena n-áirítear ceol, ealaín, imeachtaí, sóisialú, comhtháthú leis an bpobal máguaird, caidrimh shábháilte le daoine fásta agus cairdeas.
4. Ba iad na fachtóirí móra a ardaíodh a mbeadh gairm inmhianaithe i saol an duine fhásta mar thoradh orthu ná muinín, daoine fásta tacúla, fanacht ar scoil/oideachas




D'ardaigh an t-aos óg a ndeachthas i gcomhairle leo treoirchomhairleoireacht mhaith ar scoil agus taithí oibre mar bhuntáistí móra, agus scileanna maithe idirphearsanta agus féinchreideamh mar phríomhthréithe pearsanta inmhianaithe. Ardaíodh cumarsáid fheabhsaithe le cinnteoirí mar sprioc freisin.

D'ardaigh an t-aos óg imní mhór freisin maidir le díscor leis an bpobal – bheadh aithne ag glúin na dtuismitheoirí ar gach duine sa cheantar – agus thug siad le fios go gcuireann sé seo isteach ar mhuinín. Measadh gur chuir Covid go mór leis sin agus gur cuireadh leis an mbearna arís ó thaobh peirspictíochtaí de dá bharr.

Maidir le haimsiú na mbearnaí, luaigh an t-aos óg a ndeachthas i gcomhairle leo go raibh gá le níos mó gníomhaíochtaí don aos óg i gceantair thuaithe nó i gceantair ina raibh fás daonra le déanaí, áit ar measadh go raibh na roghanna teoranta uaireanta do ghníomhaíochtaí spóirt. Luadh réimsí na cócaireachta, na healaíne, an chódaithe, an cheoil agus na drámaíochta go minic, agus gníomhaíochtaí ar nós adhmadóireachta agus cluichí leis.

D'ardaigh go leor rannpháirtithe na buntáistí a bhaineann le spásanna sábháilte don aos óg teacht le chéile; Os a choinne sin, i gceantair gheografacha eile, ardaíodh an easpa sna spásanna seo chomh maith le moltaí maidir le níos mó áiseanna buail isteach cosúil le caifé.






Youth Work Ireland
Meath

# Achoimre ar an gComhairliúchán

Mar ullmhúchán don Phlean Oibre don Aos Óg agus d'fhonn Uirlis Próifíle Ceantair nua a fhorbairt le haghaidh timthriall nua de chistiú UBU, rinne Seirbhísí don Aos Óg BOOLM sraith comhairliúchán le heagraíochtaí Oibre don Aos Óg a reáchtálann soláthar gairmiúil agus deonach faoina choimirce.

Chuimsigh na comhairliúcháin na háiteanna ar éirigh leo le déanaí sna réimsí a bhain leo, dúshláin a eascraíonn as a soláthar agus aon bhearnaí a thug siad faoi deara atá ina gceantar faoi láthair.

I measc na n-eagraíochtaí sin bhí Boomerang Youth Café, Obair d'Ógra Éireann na Mí, Obair don Aos Óg

Chuaigh na hOifigigh don Aos Óg i gcomhairle freisin le grúpaí páirtithe leasmhara eile atá gníomhach ar

Comhairle na nÓg Lú
Comhairle na nÓg na Mí
Seomra Phobal Mhaigh Muirí
Clár Footsteps
Ionad Acmhainní Teaghlaigh Connect
An Teach, Diméin an Choscaigh
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú
Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha
Forbairt Áitiúil Lú
Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an

Thuairiscigh na heagraíochtaí ar fad a ndeachthas i gcomhairle leo go raibh ag éirí go geal leo sna réimsí trí chéile.

I gcás eagraíochtaí atá cistithe ag UBU, tá dul chun cinn suntasach déanta ina réimsí sonracha tar éis

Aithníodh na nithe seo a leanas mar réimsí ar chóir machnamh a dhéanamh orthu ó thaobh a

- An tAos Óg i soláthar díreach, e.g. Maigh Muirí.
- Cúramóirí Óga.
- An tAos Óg a chónaíonn le mí-úsáid substaintí sa teaghlach.
- Níos mó grúpaí don aos óg limistéarbhunaithe (soláthar uilíoch).
- Soláthar níos saincheaptha agus níos oiriúnaí ó thaobh cultúir de don aos óg den Lucht Siúil ar fud an réigiúin, lena n-áirítear i réimse Mheabhairshláinte Aos Óg an Luchta Siúil.
- Soláthar níos spriocdhírithe maidir le hachrainn drugaí Dhroichead Átha.
- Tuilleadh oibre maidir le féinmharú a chosc agus tionchar i ndiaidh an

- Foinsiú oiliúna agus FGL.
- Oibrithe don Aos Óg oilte a choinneáil sa cheantar.
- Imeascadh aos óg na hÚcráine agus aos óg eile ó chúlraí cultúrtha éagsúla.
- Leathnú ar an soláthar timpeall ar limistéir chónaithe atá ag fás.
- Tuilleadh gníomhaithe ar an easpa spásanna sábháilte i gceantair phoiblí – ar shiúl ó dhéileáil drugaí, imeaglú, ciníochas, etc.
- Sláinte fhisiciúil.
- Is dúshlán suntasach é fad achair i gceantair nach bhfuil naisc iompair leordhóthanacha acu.

I gcás na n-eagraíochtaí eile, nótáladh na réimsí seo a leanas mar dhúshláin leanúnacha maidir le soláthar agus deiseanna forbartha:

- Áiseanna nua pobail agus don aos óg a fhorbairt i nDroichead Átha Thuaidh chun cabhrú le féiniúlacht agus luach a fhorbairt bunaithe ar bhraistint áite.

- Limistéir a sheasfaidh an aimsir ina bhfuil forbairt chónaithe ag leathnú go tapa.

- Tá seirbhísí meabhairshláinte don aos óg faoi lánacmhainneacht faoi láthair, le liosta feithimh, agus níl aon seirbhís Jigsaw sa chontae. Mar sin féin, tá post Oifigigh um Chosc ar Fhéinmharú FSS curtha ar ais.

- D'fhéadfadh cur chuige fadtéarmach chun aghaidh a thabhairt ar thráma sa réigiún pobal feasach ar thráma a dhéanamh de Dhroichead Átha san fhadtréimhse.

- Tá UBU agus seirbhísí eile ag obair chun teagmháil níos mó a dhéanamh leis an aos óg is sine.

- D'fhéadfadh cúrsaí tosaigh le haghaidh Breisoideachais agus Oiliúna (BO) nó Ardoideachais a bheith tairbheach - in go leor cásanna, d'fhéadfadh sé nach mbeadh eolas nó comhthéacs roimh ré ag daoine óga faoi na deiseanna seo, go háirithe nuair nach bhfuil ach baint theoranta ag teaghlaigh nó piaraí le Breisoideachas agus Oiliúna nó le hArdoideachas.

- Tá boinn oibrithe deonacha teoranta ó thaobh méide de - chuir tionchar COVID go mór leis an dúshlán seo.

- Bheadh Líonra seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fud an réigiúin de réir Líonra Seirbhísí don Aos Óg CISGP Dhroichead Átha an-tairbheach.

- Tuilleadh seirbhísí d'aoisghrúpa níos óige de réir New Choices i nDroichead Átha, áit a bhfuil leanaí ró-óg d'Ógtheagmháil.

- I gcás eagraíochtaí ionadaíocha óige ar nós Chomhairle na nÓg, d'fhéadfaí éascaíocht níos fearr a dhéanamh don aos óg Nach gCluintear Uaidh ach go hAnnamh trí naisc níos fearr a fhorbairt le scoileanna agus le gníomhaireachtaí eile, go háirithe leis an aos óg ón Lucht Siúil, leis an aos óg i soláthar díreach agus leis an aos óg faoi mhíchumas.

- In ionaid soláthair dhírigh tá gá le réimse níos mó soláthair spóirt. Uaireanta bíonn roghanna teoranta ag buachaillí, go háirithe d'aois 14/15 suas. Bheadh réimse níos mó idirghabhálacha agus tacaíochtaí maidir le hiompar frithshóisialta, drugaí agus meabhairshláinte cabhrach freisin.

- I gcás an Tascfhórsa Réigiúnaigh Drugaí agus Alcóil, bhí seisiúin eolais agus cur i láthair do phríomhpháirtithe leasmhara éifeachtach go dtí seo agus tá siad á leathnú ar fud na gcontaetha.

- Chomh maith leis sin i gcás tacaíochtaí drugaí agus alcóil: d'fhéadfaí níos mó béime ar chosc a spreagadh i suíomh príomhshrutha scoile, go háirithe maidir leis an aistriú ón mbunscoil go dtí an mheánscoil, rud a d'fhéadfadh triail luath a fheiceáil. Is céim é seo d'fhorbairt/aistear an pháiste



# Déimeagrafaic

Clúdaíonn BOOLM achar 3169 km2 le héagsúlacht leathan i bpróifíl dhéimeagrafach, shocheacnamaíoch agus gheografach.
In 2023, chríochnaigh Seirbhísí don Aos Óg BOOLM suirbhé fairsing Próifíle Ceantair leis na sonraí déimeagrafacha is déanaí atá ar fáil chun a dhéanamh amach cé na limistéir is mó a bhfuil gá le seirbhísí

Léiríonn na figiúirí is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) 2022 go bhfuil fás iomlán daonra de 8.39% i Lú agus 13.22% sa Mhí ó cuireadh an Plean Oibre don Aos Óg deireanach le chéile.

Is díol spéise é go bhfuil méadú suntasach 9% tagtha ar an daonra sna trí bhaile mhóra sa réigiún: tá daonra de 44,135 i nDroichead Átha anois, 43,112 i nDún Dealgan agus 33,886 san Uaimh.

Fachtóir suntasach fós is ea an méadú atá tagtha ar fho-uirbiú dheisceart na Mí ó dheas den réigiún agus, mar shampla, léiríonn Cill Dhéagláin fás 8%.

Léiríonn figiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh amhail Eanáir 2023 go raibh ráta dífhostaíochta 10.4% i measc daoine idir 15-24 bliain d'aois go náisiúnta. Tá ceantair le leibhéil cuibheasach ard ó thaobh dífhostaíochta de ag bailte an réigiúin go háirithe ag leibhéal an cheantair bhig atá fós ard i gcomhthéacs téarnamh eacnamaíoch náisiúnta. Tá tionchar suntasach ag an dífhostaíocht struchtúrach/

Tá trí phríomhchineál freagartha spriocdhírithe ann de réir ár n-uirlis

- Sa chás go dtagann braislí díothachta arda chun cinn, beidh gá le soláthar oibre don aos óg sa bhraisle sin de cheantair bheaga.
- Soláthar óige spriocghrúpa neamhgheografach ina bhfuil freagairt shonrach de dhíth ar an daonra réigiúnach.
- Soláthar foréigiúnach i limistéir mhóra uirbeacha chun foráil a dhéanamh do cheantair bheaga scaipthe ina bhfuil díothacht ard agus riachtanais neamhgheografacha ina bhfuil gá le

Daonra Iomlán idir 10 agus 24 - 76,593. Is ionann sin agus

FACHTÓIRÍ A IMRÍONN TIONCHAR AR DHÉIMEAGRAFAIC NA HÓIGE

Daonraí Óige is airde:

DROICHEAD ÁTHA

AN UAIMH

DÚN DEALGAN

Tá 21% de dhaonra Lú agus na Mí idir 10-24

Ardú 9% ar Dhaonra na nÓg ón bPlean deireanach




Youth Work Ireland
Meath


adidas
TOYOTA

# Plean do Sheirbhís don Aos Óg BOO Lú agus na Mí 2023-2025

Tháinig an próiseas forbartha chun críche leis an anailís agus na moltaí a bhí mar bhonn eolais do Phlean nua Oibre don Aos Óg BOOLM 2023 -2025

## PLEANÁIL

2023-2025

**lmetb**
Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education and Training Board

### 1

Soláthar ardchaighdeáin oibre don aos óg a chur chun cinn

### 2

Soláthar oibre nua agus reatha don aos óg a fheabhsú agus tacú leis.

### 3

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothabháil agus a fhorbairt le heagraíochtaí ábhartha chun torthaí níos fearr a bhaint amach don aos óg.

### 4

Rochtain ar sheirbhísí don aos óg ar ardchaighdeán a chur chun cinn le béim ar leith ar an aos óg nach gcloistear agus a imeallaítear go minic.

# Sprioc 1

## Soláthar ardchaighdeáin oibre don aos óg a chur ch cinn agus a chothabháil ar fud réigiún BOOLM

### Modh

Na struchtúir reatha atá ar fáil dúinn a sheachadadh tríd an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ie.

Cláir UBU le haghaidh obair ghairmiúil don aos óg a sheachadadh.

Scéim Deontais do Chlubanna Áitiúla don Aos Óg chun obair don aos óg faoi stiúir oibrithe deonacha a sheachadadh.

Scéimeanna deontais eile.

Tá struchtúir mhaoirseachta cháilíochta agus feidhmíochta ionsuite ag na cláir seo agus

### Fianaise ar Riachtanas

D'ardaigh an Uirlis Próifíle Ceantair a d'fhorbair BOOLM i dtreo chistiú Thimthriall 2 UBU spriocghrúpaí agus riachtanais seirbhíse go cruinn a léiríonn na riachtanais éagsúla ar fud an dá chontae.

Tacaíonn na comhairliúcháin a dhéantar leis an aos óg agus le grúpaí páirtithe leasmhara leis na torthaí sin.

# Sprioc 2
## Soláthar oibre nua agus reatha don aos óg a fheabh
## agus tacú leis

### Modh

Rannpháirtíocht na hearnála deonaí a chothabháil agus a dhoimhniú trí chumarsáid agus tacaíocht níos mó ar an láthair i réimsí an riaracháin agus na hoiliúna.

Caidreamh na seirbhísí gairmiúla don aos óg agus faoi stiúir oibrithe deonacha araon a leathnú le BOOLM trí réimsí de sholáthar BOOLM nua agus reatha a shainaithint ar féidir leo feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse agus ar bhoinn eolais agus scileanna oibrithe don aos óg.

### Fianaise ar Riachtanas

Ardaíodh i gcomhairliúchán agus próisis leanúnacha meastóireachta feidhmíochta le soláthraithe reatha oibre don aos óg feabhsú na mbonn scileanna reatha mar riachtanas athfhillteach.

Tá riachtanas ar leith aitheanta i bPlean Forfheidhmithe Dhroichead Átha maidir le

# Sprioc 3
## Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothabháil agu a fhorbairt le heagraíochtaí ábhartha chun torthaí níos fearr a bhaint amach don aos óg.

### Modh

In go leor cásanna tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha éifeachtacha ann cheana féin inár líonraí, ach tá acmhainneacht mhéadaithe ann na caidrimh sin a fhorbairt ina

### Fianaise ar

Leagadh i gcéim chomhairliúcháin an taighde don phlean seo i measc páirtithe leasmhara eile sa cheantar béim leanúnach ar na torthaí dearfacha a bhaineann le comhar idirghníomhaireachta méadaithe.

Tacaíonn reachtaíocht náisiúnta leis an gcaidreamh díreach idir BOOLM agus gníomhaireachtaí páirtithe leasmhara eile amhail CSLDÓ (Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga), LRP (Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí), CISGP, etc.

Ceann de spriocanna Phlean Forfheidhmithe Dhroichead Átha ná feabhas a chur ar

# Sprioc 4
## Rochtain ar sheirbhísí don aos óg ar ardchaighdeán a chur chun cinn le béim ar leith ar an aos óg nach gcloistear agus a imeallaítear go minic.

### Modh

Spriocdhíriú cruinn ar chláir UBU.

Aimsiú leanúnach bearnaí trí thaighde, líonrú agus caidrimh ghníomhacha sa phobal.

Ionchuimsiú leanúnach agus feabhsaithe ionchur an aosa óig a chuireann bonn eolais faoi obair an Choiste Oibre don Aos Óg agus faoi fheidhm Seirbhísí don Aos Óg BOOLM i gcoitinne.

Oiliúint a chur ar bhaill foirne Seirbhísí don Aos Óg i gclár Rannpháirtíochta Leanaí agus an

### Fianaise ar Riachtanas

Díreofar go háirithe in BOOLM ar "Riachtanais an aosa óig a bhfuil taithí acu ar na torthaí is neamhfhabhraí, nó atá i mbaol an taithí sin a bheith acu" (Straitéis Náisiúnta don Aos Óg 2015-2020).

Leagadh inár bpróiseas comhairliúcháin leathan leis an Aos Óg chun ár bPlean Oibre don Aos Óg agus ár nUirlis Próifíle Ceantair a fhorbairt béim leanúnach ar réimsí inar mhothaigh aos óg imeallaithe, inarb annamh a chloistear iad nó ina bhfágtar iad as soláthair phríomhshrutha de bhun a n-aoise, a meabhairshláinte, a ngnéasachta, a míchumais, a eitneachais, an chúlra shóisialta a cheapadh a bheith acu nó a stádas mar chúramóir sa bhaile. Luadh freisin gur fachtóirí blocála iad rochtain ar iompar agus braistint sábháilteachta.

Trí úsáid a bhaint as na comhairliúcháin seo mar aon le taighde mionsonraithe déimeagrafach agus staitistiúil, d'aithin an Uirlis Próifíle Ceantair nua spriocghrúpaí sonracha agus riachtanais seirbhíse chun eagraíochtaí gairmiúla oibre don aos óg a

# Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

I gcomhréir lena théarmaí tagartha, cuirfidh Coiste Obair don Aos Óg BOOLM moltaí faoi bhráid Bhord BOOLM maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla oibre don aos óg, feidhmeanna i dtaca le cur i bhfeidhm an Phlean Oibre don Aos Óg san áireamh.

Is feidhmeanna feidhmiúcháin de chuid BOOLM iad gníomhartha áirithe sa phlean agus dá bhrí sin déanfar monatóireacht orthu i ngnáthchúrsa gnó.

Sainaithníodh gníomhartha eile mar ghníomhartha atá comhoibríoch ó thaobh cineáil de a éilíonn ionchur agus obair le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí aitheanta.



# Aguisíní

1. Buíochas
2. Cláir UBU ghairmiúla reatha i limistéar Lú agus na Mí
3. Clubanna faoi stiúir oibrithe deonacha a fhaigheann cúnamh faoi láthair faoin Scéim Deontais do Chlubanna Áitiúla don Aos Óg
4. Comhaltas an Choiste um Obair don Aos Óg agus Téarmaí Tagartha
5. Foinsí eolais/taighde do Phlean Oibre don Aos Óg BOOLM 2023 – 2025
6. Tuilleadh faisnéise sochdhéimeagrafaí

# AGUISÍN 1.

## Buíochas

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas, a chuir go mór leis an bplean seo:

Ceannairí agus ballraíocht Chomhairle na nÓg Lú agus na Mí a thug an oiread sin dá gcuid ama go fial flaithiúil le haghaidh comhairliúchán

Aos Óg Dhroichead Átha a ghlac páirt inár gcomhchomhairliúcháin le Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha agus le Gráinne Berrill, Hayley Cunningham agus Luke Healy as an gcúnamh a thug siad chun na seisiúin seo a eagrú agus a éascú

Na heagraíochtaí don aos óg agus pobail go léir atá liostaithe mar rannpháirtithe i rannóg na gComhairliúchán agus ár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta ar chuidigh a gcuid oibre lenár dtaighde a leathnú

Foireann ardbhainistíochta BOOLM agus baill an Ghrúpa Comhordaithe

## AGUISÍN 2.

# Cláir UBU ghairmiúla reatha i limistéar Lú agus na Mí

| Tionscadail UBU Lú | | |
|---|---|---|
| Caifé Óige Boomerang<br><br>62 Sráid an Aonaigh<br>Droichead Átha<br>Co. Lú<br><br>Déan teagmháil le:<br>Michelle Ewetade<br>041 9839916<br>michelle@boomerangcafe.ie<br><br>Cuireann Caifé Óige Boomerang spás sábháilte ar fáil i gcroílár Dhroichead Átha don aos óg idir 10-18 mbliana d'aois atá ina gcónaí i Mórcheantar Dhroichead Átha. Cuirimid tacaíocht ar fáil dár n-aos óg mar aon le deiseanna áineasa agus oideachais. Bímid ar oscailt ó Mháirt go hAoine go dtí 8pm agus 10pm gach ré tráthnóna Aoine, agus tráthnóna Dé Sathairn. Tá foireann óige thiomanta agus dhíograiseach againn a bhfuil réimse leathan scileanna agus taithí acu. Is áit iontach é Boomerang Café don aos óg le teacht le chéile agus páirt a ghlacadh in go leor gníomhaíochtaí spraíúla lena n-áirítear ceol, cumadh amhrán, taibhiú, ealaín, cluichíocht, cócaireacht, ceardaíocht, spóirt gan ach cuid de na gníomhaíochtaí a éascaíonn muid a lua. Cuirimid spás scíthe ar fáil freisin chun crochadh thart le cairde, féachaint ar an teilifís, éisteacht le ceol, nó an t-idirlíon a úsáid. Bímid i gcónaí ar lorg deiseanna chun aos óg a thabhairt isteach inár seirbhísí chun iad a nascadh le seirbhísí agus tacaíochtaí. Táimid tiomanta do sheirbhís den scoth a chur ar fáil dár n-aos óg beag beann ar na riachtanais atá acu. | Tionscadal don Aos Óg Dhiméin an Choscaigh (YWI Lú), Dún Dealgan<br><br>Tionscadal don Aos Óg agus Pobail Dhiméin an Choscaigh 16 Páirc Fhearann Dara, Dún Dealgan, Co. Lú A91 AN25<br><br>Tionscadal don Aos Óg Thobar Óna, Ionad Pobail Thobar na hAbhann, Tobar Óna, Dún Dealgan, Co. Lú A91CH24<br><br>Tionscadal don Aos Óg Lios Dubh, Naíonra Mini Minds, Halla na Páirce, Plás Coulter Dún Dealgan, A91 E82N<br><br>Déan teagmháil le:<br>Caroline Flanagan<br>0429338323/ 0872590104<br>caroline@lyf.ie<br><br>Oibrímid leis an aos óg i nDún Dealgan Thiar Thuaidh trí chur chuige atá bunaithe ar chearta agus faoi stiúir an aosa óig chun foghlaim, nuálaíocht, dóchas agus ionchais arda a chothú san aos óg, ina dteaghlaigh agus ina bpobal. Is í an fhís atá againn ná domhan atá lán d'fhéidearthachtaí do gach duine óg. Tá ár dTionscadal óige atá lonnaithe i nDiméin an Choscaigh, Tobar Óna agus Ard Mhacha cairdiúil, oscailte agus ionchuimsitheach don aos óg agus oibrímid go dian chun bualadh lenár mbaill san áit a bhfuil siad, agus chun caidrimh mhuiníne, chairdis agus chomhionannais a chothú. Is mór againn ár n-aos óg agus ár nObair don Aos Óg. Toisc ár múnla oibre comhtháite don aos óg tá rochtain ag baill dár UBU ar raon deiseanna agus | Tionscadal don Aos Óg na Craoibhe Rua (YWI Lú), Dún Dealgan<br><br>Tionscadal don Aos Óg Phobal na Craoibhe Rua,<br>36 Ascaill na Dúleargadh,<br>Muirtheimhne Mór,<br>Dún Dealgan,<br>Co, Lú<br>A91 N728<br><br>Déan teagmháil le:<br>Caroline Flanagan<br>0429338323 / 0872590104<br>caroline@lyf.ie<br><br>Oibríonn Obair don Aos Óg Éireann Lú leis an aos óg idir 10-24 bliain d'aois i gceantar Dhún Dealgan- an Oirdheiscirt trí chur chuige atá bunaithe ar chearta agus faoi stiúir an aosa óig chun foghlaim, nuálaíocht, dóchas agus ionchais arda a chothú san aos óg, ina dteaghlaigh agus ina bpobal.<br>Is í an fhís atá againn ná domhan atá lán d'fhéidearthachtaí do gach duine óg.<br>Tá ár dTionscadal don Aos Óg Dhún Dealgan - Theas atá lonnaithe i Muirtheimhne Mór cairdiúil, oscailte agus ionchuimsitheach don aos óg agus oibrímid go dian chun bualadh lenár mbaill san áit a bhfuil siad, chun caidrimh mhuiníne, chairdis agus chomhionannais a chothú.<br><br>Is mór againn ár n-aos óg agus ár nObair don Aos Óg. Toisc ár múnla oibre comhtháite don aos óg tá rochtain ag baill dár UBU ar raon deiseanna agus tacaíochtaí, i ngrúpa agus ar bhonn duine le duine araon. |

Tionscadal don Aos Óg Phobal an Taoibh ó Dheas (YWI Lú) Droichead Átha

Foirgneamh Pobail Respond
Arda an Chaorthainn
Droichead Átha
A92 RH72

Déan teagmháil le:
Caroline Flanagan
0429338323/ 0872590104
caroline@lyf.ie

Oibríonn Obair don Aos Óg Éireann Lú leis an aos óg (10-24 bliain) d'aois i gceantar Dhroichead Átha – Iardheisceart trí chur chuige atá bunaithe ar chearta agus faoi stiúir an aosa óig chun foghlaim, nuálaíocht, dóchas agus ionchais arda a chothú san aos óg ina dteaghlaigh agus ina bpobal. Is í an fhís atá againn ná domhan atá lán d'fhéidearthachtaí do gach duine óg. Tá ár dTionscadal don Aos Óg Dhroichead Átha Thiar Theas atá lonnaithe in Arda an Chaorthainn cairdiúil, oscailte agus ionchuimsitheach do dhaoine óga agus oibrímid go dian chun bualadh lenár mbaill san áit a bhfuil siad, chun caidrimh mhuiníne, chairdis agus chomhionannais a chothú.

Is mór againn ár n-aos óg agus ár

Ionad don Aos Óg Dhún Dealgan

Teach Roden,
Sráid Roden,
Dún Dealgan, Co Lú
A91X3TF

Déan teagmháil le:
Kevin Moran
0429329532
kevin@dundalkyouthcentre.ie

Cuireann Ionad don Aos Óg Dhún Dealgan seirbhís ghairmiúil óige ar fáil do dhaoine óga 10-18 mbliana i nDún Dealgan agus sna ceantair máguaird. Trí sheirbhísí atá curtha in oiriúint do riachtanais shonracha, cláir forbartha atá deartha go comhoibríoch, agus timpeallacht shlán a sholáthar, bíonn mothú slándála ag daoine óga a spreagann iad chun teagmháil a dhéanamh, páirt a ghlacadh, agus feabhas a chur ar a scileanna Cumarsáide, Muinín agus Gníomhú, Pleanáil agus Réiteach Fadhbanna, Caidrimh, Cruthaitheacht agus Samhlaíocht agus Athléimneacht agus Diongbháilteacht.

Is iad na spriocanna sonracha atá

FAI Dún Dealgan

DKIT Sport, Bóthar Faoisimh Laistigh,
Na Méirsí Uachtaracha,
Dún Dealgan,
Co. Lú

Déan teagmháil le:
Mick Neville / Paul Burke
0866095436
michael.neville@fai.ie

Cuirfear deiseanna ar fáil don aos óg atá ag gabháil do na cláir shonracha pheile seo forbairt a dhéanamh sna 7 dtoradh forbartha pearsanta agus sóisialta: Scileanna cumarsáide, Muinín, agus gníomhú, Pleanáil agus réiteach
fadhbanna, Caidrimh, Cruthaitheacht agus samhlaíocht, Athléimneacht, agus diongbháilteacht agus Éirim mhothúchánach.

# Tionscadail UBU na Mí

Óige na Mí le Chéile (YWI na Mí), An Uaimh

Tailte Shéipéal Naomh Muire
Sráid Gheata Bhaile Átha Troim
An Uaimh
Co. na Mí
C15NXC9

Déan teagmháil le:
Geraldine Hogarty
046 9093402

Is é Aos Óg na Mí le Chéile an tseirbhís UBU D'Áit Do Spás laistigh d'Obair don Aos Óg Éireann na Mí. Oibrímid le daoine óga idir 10 agus 24 bliain d'aois agus cuirimid réimse gníomhaíochtaí sóisialta agus oideachais agus cláir ar leith ar fáil. I gcomhpháirtíocht le daoine óga, cinntímid go dtéann ár seirbhísí chun leasa an aosa óig a ndéanaimid ionadaíocht orthu.
Tá cláir shonracha ceaptha chun freastal ar spriocghrúpaí agus ar dhaoine aonair nó chun déileáil le saincheisteanna ar leith a théann i bhfeidhm ar an aos óg agus ar a bpobail, d'fhéadfadh saincheisteanna a bhaineann le comhtháthú, dúshláin chultúrtha, dúshláin oideachais, sláinte ghnéis, meabhairshláinte etc. a bheith i gceist leo sin. Inár ngnó laethúil oibrímid i gcomhar le gníomhaireachtaí éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an aosa óig.

Tá ár seirbhís Óige le Chéile na Mí lonnaithe ar an Uaimh, ach déanaimid ár ndícheall bualadh leis an aos óg san áit a bhfuil siad agus é mar aidhm againn caidrimh iontaofa a chothú.

Tionscadal Óige na Mí (Involve na Mí), Baile Átha Troim agus an Uaimh

Plásóga an Chaisleáin,
Baile Átha Troim,
Co. na Mí
C15 FN36 (Oifig agus club don aos óg)

Unity Centre,
Céide Dhún Lóich,
An Uaimh
Co. na Mí
C15 FND1

Déan teagmháil le:
Billie Morgan
086-0785560
youthprojectmeath@involve.ie

Aithníonn INVOLVE comhionannas an Luchta Siúil trí chláir, tionscnaimh agus seirbhísí a chur ar fáil a chuireann rannpháirtíocht agus ionchuimsiú an Luchta Siúil i Sochaí na hÉireann chun cinn. Tá seirbhís don óige á reáchtáil ag Tionscadal Óige Involve na Mí i gContae na Mí san Uaimh agus Baile Átha Troim. Cuirtear gníomhaíochtaí agus cláir atá oiriúnach ó thaobh cultúir de ar fáil do dhaoine óga idir 10 agus 20 bliain d'aois ón Lucht Siúil. Bíonn 15 ghrúpa ag feidhmiú gach seachtain le linn tráthnónta agus ag an deireadh seachtaine, ag nascadh le níos mó ná 80 duine óg ón Lucht Siúil gach seachtain. I measc na gclár sin tá Cultúr, Malartuithe Aos Óg na hEorpa, Ealaín agus Ceardaíocht, spóirt, Bia Sláintiúil, Folláine Shláintiúil etc. Cuirimid tacaíochtaí ar fáil freisin don aos óg sa chatagóir NFOO (Ní i bhFostaíocht nó Oiliúint Oideachais).

An Uaimh Thiar (YWI Na Mí)

Tailte Shéipéal Naomh Muire
Sráid Gheata Bhaile Átha Troim
An Uaimh
Co. na Mí
C15NXC9

Déan teagmháil le:
Geraldine Hogarty
0469093402

Is é Aos Óg na hUaimhe Thiar an tseirbhís UBU D'Áit Do Spás laistigh d'Obair don Aos Óg Éireann na Mí. Oibrímid le daoine óga idir 10 agus 24 bliain d'aois agus cuirimid réimse gníomhaíochtaí sóisialta agus oideachais agus cláir ar leith ar fáil. I gcomhpháirtíocht le daoine óga, cinntímid go dtéann ár seirbhísí chun leasa an aosa óig a ndéanaimid ionadaíocht orthu.
Tá cláir shonracha ceaptha chun freastal ar spriocghrúpaí agus ar dhaoine aonair nó chun déileáil le saincheisteanna ar leith a théann i bhfeidhm ar an aos óg agus ar a bpobail. D'fhéadfadh saincheisteanna a bhaineann le mí-úsáid drugaí nó alcóil, míbhuntáiste eacnamaíoch/sóisialta, easpa muiníne, easpa treorach, sláinte ghnéis, meabhairshláinte etc. a bheith i gceist. Inár ngnó laethúil oibrímid i gcomhar le gníomhaireachtaí éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an aosa óig.

Tá seirbhís Aos Óg na hUaimhe Thiar lonnaithe ar an Uaimh ach déanaimid ár ndícheall bualadh leis an aos óg san áit a bhfuil siad agus é mar aidhm againn caidrimh iontaofa a chothú.

## AGUISÍN 3.

# Clubanna faoi stiúir oibrithe deonacha a fhaigheann cúnamh faoi láthair faoin Scéim

| Ainm an Chlub | Baint |
|---|---|
| LÚ | |
| Tacaíocht Uathachais Lú | NEAMHSPLEÁCH |
| Club Foróige Bhealach Púiste | Foróige |
| Club Óige Gharrán Bál | OBAIR DON AOS ÓG ÉIREANN, LÚ |
| Club Óige na gCreagacha Dubha | OBAIR DON AOS ÓG ÉIREANN, LÚ |
| Club Óige Chairlinn | OBAIR DON AOS ÓG ÉIREANN, LÚ |
| Banna Práis Dhroichead Átha | NEAMHSPLEÁCH |
| Acadamh Fichille Dhroichead Átha | NEAMHSPLEÁCH |
| Club Cluichí Dhroichead Átha | NEAMHSPLEÁCH |
| Club Tionscnamh don Aos Óg Dhroichead Átha | OBAIR DON AOS ÓG ÉIREANN, LÚ |
| Banóglaigh Ghleann na Bóinne | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Banóglaigh Cheann Chlochair | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Banóglaigh Chú Chulainn | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Banóglaigh Mhóra Dhún Dealgan | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Banóglaigh an Chasáin | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Banóglaigh Dhroichead an Chnoic | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Banóglaigh Chnocán an Mhuilinn | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Banóglaigh Thulaigh Álainn | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Banóglaigh Chill Choirle | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Cór Óige Lourdes | NEAMHSPLEÁCH |
| Club Óige Bhaile Lú | OBAIR DON AOS ÓG ÉIREANN, LÚ |
| Lucht Siúil Óga | OBAIR DON AOS ÓG ÉIREANN, LÚ |
| Banóglaigh Mhainistir Bhuithe | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Macra na Feirme Chill an Churraigh | Macra na Feirme |
| Macra na Feirme Thearmann Feichín | Macra na Feirme |
| Macra na Feirme Thulaigh Álainn | Macra na Feirme |
| Ógras Dhún Dealgan | Ógras |
| Ord Mhálta Dhroichead Átha | Ord Mhálta |
| Club Óige Bhaile an Riabhaigh | OBAIR DON AOS ÓG ÉIREANN, LÚ |
| Ord Mhálta Dhún Dealgan | Ord Mhálta |
| Club Óige Naomh Caoimhín | Foróige |
| Scoraíocht Lann Léire | NEAMHSPLEÁCH |
| Gasóga 2 na gCreagacha Dubha | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 5 Bhuíon Sheadanta | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 3 Lú | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 7 Lú | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 8 Shliabh Feá | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 1,2,5 Naomh Pádraig | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 14 Naomh Mairtín Dhroichead Átha | Gasóga na hÉireann |
| 3,4,6 Naomh Oilibhéar Lú | Gasóga na hÉireann |
| Club Foróige Naomh Féichín | Foróige |
| Amharclann na nÓg M.A.D | Amharclann Óige Éireann/NAYD |
| AN MHÍ | |
| Amharclann na nÓg Act Out | Amharclann Óige Éireann/NAYD |
| Comhaltas Ceoltóirí Éireann Dhún Búinne | Comhaltas Ceoltóirí Éireann |
| Club Óige Cúla Búla Bhaile Átha Troim | OBAIR DON AOS ÓG ÉIREANN, AN MHÍ |

| | |
|---|---|
| Foróige Dhamhliag | Foróige |
| Grúpa Stiúrtha na nÓg an Bhóthair Bhuí Ráth Moliain | NEAMHSPLEÁCH |
| Club Óige Freaky Fridays an Bhóthair Bhuí | OBAIR DON AOS ÓG ÉIREANN, AN MHÍ |
| Banóglaigh Aonad Cealla | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Banóglaigh Bhaile Átha Troim (Plumtree Brownies) | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Banóglaigh Dhún Seachlainn | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Banóglaigh Loch Craobh | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Club Óige Kells Angels | NEAMHSPLEÁCH |
| Caifé Óige Foróige Cheanannais | Foróige |
| Banna Bosca Ceoil Bhaile an Cheantaigh agus Bhaile an tSeanascail | NEAMHSPLEÁCH |
| Banóglaigh Chill Dhéagláin | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Macra na Feirme Bhaile Átha Buí | Macra na Feirme |
| Macra na Feirme an Bhóthair Bhuí | Macra na Feirme |
| Banóglaigh Mhacalla Bhaile Átha Troim | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Foróige Mhaigh Muirí | Foróige |
| Banóglaigh Mhaigh Muirí | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Ionad Pobail Mhaigh Locha | NEAMHSPLEÁCH |
| Foróige Mhaigh Locha | Foróige |
| Macra na Feirme Mhaigh nEalta | Macra na Feirme |
| Banóglaigh na hUaimhe | BANÓGLAIGH NA ÉIREANN |
| Banna Uirlisí Airgid na hUaimhe | NEAMHSPLEÁCH |
| Club Óige na hUaimhe | OBAIR DON AOS ÓG ÉIREANN, AN MHÍ |
| Foróige an tSeanchaisleáin | Foróige |
| Foróige Ráth Tó | Foróige |
| Gasóga 1 na Mí Dhún Búinne | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 11 na Mí Choill Chluana | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 21 na Mí Bhaile an Cheantaigh | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 5 na Mí Cheanannais | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 6 na Mí Chill Dhéagláin | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 7 na Mí Dhún Seachlainn | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 17 na Mí Mhaigh Dearmhaí | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 2 na Mí Bhaile Átha Troim | Gasóga na hÉireann |
| Caifé don Aos Óg Fhoróige Bhaile Shláine | Foróige |
| Cumann Ceoil Stigh Colláin agus Ráth Cheannaigh | NEAMHSPLEÁCH |
| Club Óige Fhoróige an tSiáin | Foróige |
| Grúpa um Thacaíocht Uathachais TAG na Mí | OBAIR DON AOS ÓG ÉIREANN, AN MHÍ |
| CoderDojo (TFRS) Bhaile Átha Troim | NEAMHSPLEÁCH |
| Club Óige Bhaile Átha Troim | OBAIR DON AOS ÓG ÉIREANN, AN MHÍ |
| Macra na Feirme Bhaile Uilcín | Macra na Feirme |
| 1ú Gasóga na Mí na hUaimhe | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 16 na Mí Chill Dealga | Gasóga na hÉireann |
| Gasóga 14 na Mí Chill Bhríde | Gasóga na hÉireann |
| Ratoath Rockets | NEAMHSPLEÁCH |

## AGUISÍN 4.

# Coiste Oibre don Aos Óg BOOLM 2023

| | |
|---|---|
| An Clr Marianne Butler | Comhairle Contae Lú |
| (Cathaoirleach) | Comhairle Contae na Mí |
| An Clr Maria Murphy | Comhairle Contae Lú |
| An Clr Kevin Meenan | Comhairle Contae Lú |
| Graham Russell | Oibrí Tionscadail, Clár Críochnaithe Scoile, Coláiste Beaufort, An Uaimh |
| Jennifer Darcy | Stiúrthóir Réigiúnach – Obair don Aos Óg Éireann na Mí |
| Geraldine Hogarty | Diméin an Choscaigh – Obair don Aos Óg Éireann Lú |
| Clodagh O'Mahony | Comhordaitheoir, Coiste Seirbhísí Leanaí agus an Aosa Óig na Mí |
| Leonard Callaghan | Ionadaíocht don Aos Óg – Comhairle na nÓg – An Mhí |
| Sheola Boshell | Ionadaíocht don Aos Óg – Comhairle na nÓg – Lú |
| Elizabeth Gillen | |

### Téarmaí Tagartha Choiste Oibre don Aos Óg BOOLM

Bhunaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí Coiste um Obair don Aos Óg de réir Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 ('an tAcht') ina leagtar amach feidhmeanna gach Boird Oideachais agus Oiliúna ('BOO').

Foráiltear don fheidhm oibre don aos óg do BOO i bhfo-alt (j), mar atá: "tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil leis an tacaíocht sin."

Féadfaidh an BOO Coiste um Obair don Aos Óg a bhunú de réir Alt 44 den Acht.
Bhunaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí, ar an 19 Iúil 2018, Coiste Oibre don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí, agus d'fhaomh siad Téarmaí Tagartha don Choiste.

### Cathaoirleach

Tá comhalta de Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí le ceapadh mar Chathaoirleach ar Choiste Oibre don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ar an dáta thuas, de bhun chumhachtaí an BOO, mar atá leagtha amach in alt 44(4) den Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Nuashonraíodh na Téarmaí Tagartha seo do Choiste Oibre don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ar an dáta thuas, i gcomhréir le cumhachtaí an Bhoird faoi alt 44(1) agus síníonn Cathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí iad anseo thíos mar fhíorú ar a bhfaomhadh ag an mBord ar an 21 Samhain 2019

### Dualgais an Choiste

Is é sainchúram an Choiste um Obair don Aos Óg:

1. A bheith ar an eolas faoin bhfeidhm oibre don aos óg a dhéanann Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí.
2. Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí a chur ar an eolas faoin eolas a bhaineann le hobair don aos óg, a fhaigheann sé, ó Fheidhmeannacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí.
3. Maoirseacht a sholáthar ar fheidhm oibre don aos óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus

Ní chomhlíonann agus ní chomhlíonfaidh an Coiste um Obair don Aos Óg aon fheidhmeanna feidhmiúcháin de chuid an

## Ballraíocht de Choistí Oibre don Aos Óg BOO

Ní bheidh níos mó ná 12 comhaltaí ag Coiste um Obair don Aos Óg, de bhun alt 44(2) den Acht.
12 comhaltaí a bheidh ar Choiste Oibre don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí.
Féadfaidh comhaltas a bheith comhdhéanta go páirteach de chomhaltaí den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go páirteach de chomhaltaí nach comhaltaí den bhord sin iad ach a gceapann Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí iad.

## Comhaltaí a chur as oifig

Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna comhalta den choiste a chur as oifig tráth ar bith, de réir alt 44(13) den Acht.
Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna an coiste a dhíscaoileadh tráth ar bith, mar a fhoráiltear faoi alt 44(15).

## Cruinnithe a Rialáil

5 is córam do Choiste Oibre don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí.
Tionólfar cruinnithe de Choiste Oibre don Aos Óg BOO Lú agus na Mí uair amháin ar a laghad agus ceithre huaire ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Leanfaidh na cruinnithe clár oibre réamhchinnte agus comhaontófar é idir Cathaoirleach an Choiste agus an Feidhmeannas. Ba chóir an rud céanna a scaipeadh ar bhaill uile an Choiste suas le 7 lá roimh gach cruinniú.

## Téarma Oifige an Choiste

5 bliana a bheidh i dtéarma oifige Choiste Oibre don Aos Óg BOO Lú agus na Mí.
Eiseofar na Téarmaí Tagartha seo chuig Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí agus chuig Cathaoirleach Choiste Oibre don Aos Óg BOOLM ar an gcéad lá gnó eile tar éis chinneadh an Bhoird anseo.

## AGUISÍN 5

# Foinsí eolais/taighde do Phlean Oibre don Aos Óg BOOLM 2023 – 2025

Seachas céim an chomhairliúcháin a leagadh amach níos luaithe sa Phlean, baineadh úsáid

Sonraí Daonáirimh agus Pobal
Sonraí an Bhoird Taighde Sláinte maidir le Cásanna Drugaí
Tuarascáil Feidhmíochta Seirbhíse TUSLA
Tuarascáil Bhliantúil SUSD (Seirbhís Úsáide Substaintí do Dhéagóirí)
Tuarascáil Bhliantúil Chomhpháirtíocht Cheannairí Lú
Clár Forbartha Leader i gContae na Mí
Tuarascálacha Bliantúla ar Atreorú de chuid an Gharda Síochána
Droichead Átha: Droichead a Chruthú go Todhchaí Níos Fearr;
Tuarascáil Scóipe ar Shábháilteacht agus Folláine Pobail i nDroichead Átha
Plean Forfheidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha
Plean Leanaí agus an Aosa Óig CSLDÓ na Mí
Plean Leanaí agus an Aosa Óig CSLDÓ Lú
Beartais ECFE um Ionchuimsiú Sóisialta na hÉireann
Comhairliúchán maidir le Soláthar Díreach RLGÓ
Straitéis Náisiúnta don Aos Óg LADTI+
Anailís ar Ionchuimsiú Sóisialta na Mí agus Lú CISGP
Tuarascáil ón nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha ón Roinn Dlí agus Cirt
Sonraí an Bhoird Taighde Sláinte maidir le Cásanna Drugaí 2018
Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Lú 2016-2022

## AGUISÍN 6

# Tuilleadh faisnéise sochdhéimeagrafaí

In ainneoin na titime foriomláine ar fhigiúirí dífhostaíochta go náisiúnta, de réir an Innéacs Díothachta is déanaí de chuid Pobal (2022), "i dtéarmaí coibhneasta, tá dáileadh geografach an mhíbhuntáiste agus an tsaibhris mar an gcéanna den chuid is mó, le leibhéil leanúnacha arda míbhuntáiste i gceantair áirithe ... i dtéarmaí coibhneasta tá na ceantair seo faoi mhíbhuntáiste níos mó."

I Lú agus sa Mhí araon, is féidir le sonraí toghcheantair na figiúirí díothachta a cheilt mar go bhfuil siad rómhór agus go bhfuil ceantair shaibhre iontu.

Rangaítear 29 ceantar beag i gContae Lú mar cheantair atá "Faoi Mhíbhuntáiste Mór". Tá a bhformhór mór lonnaithe sa dá bhaile mhóra i nDroichead Átha (7 gceantar bheaga) agus i nDún Dealgan (20 ceantar beag). Tá ceantar amháin i mBaile Átha Fhirdhia agus i nDún Léire beirt araon atá ainmnithe mar cheantair atá "faoi mhíbhuntáiste mór". Bíonn na braislí seo de cheantair bheaga timpeallaithe i gcónaí ag ceantair "faoi mhíbhuntáiste" ina bhfuil líon an aosa óig os cionn an mheáin réigiúnaigh nó ina bhfuil líon ard tuismitheoirí aonair agus cleithiúnaithe ann le chéile.

Chomh maith leis sin, tá 6 cheantar bheaga i gContae Lú anois rangaithe mar cheantair atá "faoi mhíbhuntáiste mór" ó foilsíodh an Plean Oibre don Aos Óg deireanach – tá 4 cinn acu sin i nDroichead Átha agus 2 cheann i nDún Dealgan.

Fearacht Lú, tá figiúirí díothachta an chontae ceilte i sonraí toghcheantair na Mí. Tá 13 cheantar bheaga sa Mhí atá rangaithe mar cheantair atá "Faoi Mhíbhuntáiste mór". Tá 7 gcinn acu sin lonnaithe i gceantar na hUaimhe, agus tá ceantair nua-aitheanta sa chatagóir seo tagtha chun cinn anois i nDamhliag, ar an Inse, i mBaile an Bhiataigh agus ar an Seanchaisleán. Tá Baile Átha Troim agus Ceanannas "faoi Mhíbhuntáiste" go seasta.

Fearacht Lú, tá na braislí seo de cheantair bheaga suite laistigh de cheantair "faoi mhíbhuntáiste" ina bhfuil líon na ndaoine óga os cionn an mheáin réigiúnaigh nó ina bhfuil líon ard tuismitheoirí aonair agus cleithiúnaithe ann le chéile.

Tá daonra óige (10-24 bliain d'aois) de 76,593 i réigiún BOOLM, sin 21% de dhaonra iomlán an cheantair de 360,529.

Cuirfidh fás tapa Dhroichead Átha isteach in Oirthear na Mí agus an fás réamh-mheasta ar Thuaisceart Dhroichead Átha (20,000 de mhéadú réamh-mheasta ar an daonra) le forbairt an Cross Route brú suntasach ar sheirbhísí i gceantar a bhfuil deacrachtaí ar leith aige cheana féin.